# In Ainm an Nádúir



Tugann **Gaeilge Locha Riach** agus **Elaine O'Ríordáin**, Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe cuireadh do phobal Oirthear na Gaillimhe teacht chuig cur i lathair speisialta ar logainmneacha i gComhar Creidmheasa Naomh Breandáin, Baile Locha Riach, Luan 12 Deireadh Fómhair @ 8.00 i.n.

Tabharfaidh **Tamás Peterváry**, seandálaí, léargas ar logainmneacha an cheantair agus aird faoi leith ar na hainmneacha bainte le cúrsaí dúlra. Is é an príomhchuspóir na hoíche seo ná tuiscint ar logainmneacha an cheantair a shoiléiriú don phobal áitiúil agus deis a thabhairt do dhaoine aithne níos fearr a chur ar a gcomharsanacht tríd dúlra dúchasach na háite.

Déanfar an cur i láthair i 'Powerpoint' a roinnt i rannóga ar leith agus na logainmneacha fréamhaithe faoi théamaí dúlra éagsúla; m.s. plandaí / feithidí / ainmhíthe agus araile...

Óna leithéid de chur i láthair, tá súil go spreagfar plé ar bhrí na logainmneacha agus ar an dinnsheanchas a bhaintear leo. Táthar ag súil go spreagfaidh a leithéid de chruinniú tuiscint níos fearr ar na bailte fearainn agus go méadófar úsáid na leaganacha gaelacha de na logainmneacha sa cheantar.

Gabhann **Gaeilge Locha Riach** buíochas le **GRD** as ucht an cur i láthair seo a mhaoiniú atá mar shraith eagraithe i gcomhar le **Comhairle Chontae na Gaillimhe**. Bhí **Tamás Peterváry** ar cuairt le déanaí ar *Scoil Íde Naofa*, *Scoil Bhreandáin Naofa*, *Gaelscoil Riabhach* agus *ar Otharlann Naomh Breandáin*, Baile Locha Riach agus an t-ábhar céanna idir láimhe aige.

Cuirfear fáilte roimh éinne a bhfuil spéis acu san ábhar seo a bheith ag an chruinniú i gComhar Creidmheasa Naomh Breandáin Luan 12 Deireadh Fómhair.

**Tuilleadh eolais**:
Gaeilge Locha Riach ***091 870718***
*nó* prua@lochariach.com

## ... Nature by Name!

**Gaeilge Locha Riach** and **Elaine O'Ríordáin**, Co. Galway Biodiversity Officer would like to invite the general public of East Galway to attend a special presentation on placenames in Naomh Breandán Credit Union, Loughrea on Monday 12th October @ 8.00 p.m.

**Tamás Peterváry**, archaelogist, will give an insight into the placenames of the area with a particular emphasis on the names that are derived from nature. The main aim of this evening is to clarify an understanding of placenames and to give local people the opportunity to get to know the nature of their own area that little bit better.

The powerpoint presentation will be divided under various natural themes; e.g. plants / insects / animals etc.

It is intended that such a presentation will encourage further discussion on the understanding of placenames and on the origin and folklore of these names. Hopefully such a meeting will create a further interest in the meanings of placenames and perhaps the use of the Gaeilge version of the townlands will also be encouraged.

**Gaeilge Locha Riach** would like to thank **GRD** for funding this presentation that is part of a series in conjunction with **Galway County Council**. **Tamás Peterváry** has already discussed the above topic in recent visits to *St. Ita's National School*, *St. Brendan's Boys' School*, *Gaelscoil Riabhach* and *St. Brendan's Home*, Loughrea. Everyone interested in this subject are invited to attend the public meeting in Naomh Breandán Credit Union Mon. 12th Oct.

**Tuilleadh Eolais**:
Gaeilge Locha Riach ***091 870718***
*nó* prua@lochariach.com